

SEACHRÁN CHEARALLÁIN

Seán Mac Con Rí,
Cloch na Rón, a d'innis

Séard a bhí i gCearallán buachaill aimsire. Bhí sé ag obair ag fear. Bhí siad amuich lá ag breathnú i ndiaidh beithidheach. Chonnaic sé dorus osgailte ar chnoc agus tarbh ag teacht as an gcnoc. Chuaidh sé abhaile agus d'innis sé don mháighistir go bhfaca sé an tarbh ag teacht as an gcnoc agus gur dhair sé ceann dena buaibh.

"Is maith an fear thú" adeir an máighistir leis. "Tabhair aire mhaith don bhó sin. Chomh luath agus a bhéas laogh aice innseocha tú dom-sa. Ná tabhair cead don laogh ná do rud ar bith eile aon deoir den bhainne a ól nó go mbainfidh tú trí shruth as gach aon cheann de na cheithre shine. Cuir i soitheach iad agus tabhair chugam-sa iad."

Nuair a bhí an laogh ag an mbó bhain Cearallán trí shruth as gan aon sine de na cheithre shine agus d'ól sé féin an bainne. Dubhairt sé nár mheasa leis choidhchin duine ar bith ná é féin. Ní raibh aon nidh dá raibh fear ar bith i ndon a dhéanamh nach raibh Cearallán a dhéanamh nuair a d'ól sé é sin. Bhain sé rí shruth eile di agus thug sé abhaile e agus thug sé don mháighistir é.

"D'ól tú féin é, nó d'ól an rí é. Níl aon mhaith ann" adeir an máighistir.

Sé an smaoineadh a rinne Cearallán annsin go gcaithfeadh sé an bhean óg ba bhreaghtha in Éirinn a fhágáil. Bhí sé ag siubhal annsin gur casadh leis í agus chuaidh sé ag obair ag á na hathair, agus nuair a cheap a hathair nach raibh fear ar bith chomh maith leis thug sé dó í.

Phósadar agus an lá a phósadar shiubhladar amach in éindigh. Casadh ceannaidhe mála dó agus d'fíafraigh sé de a mbreathnódh sé ar an mbean óg, "agus má tá Éire siubhalta agat beidh tú i ndon a innseacht an í an bhean is breaghtha in Éirinn í."

"Tá sí" adeir an ceannaidhe mála, "ar cheann de na mná is breaghtha a chonnaic mé ariamh."

"Ní hí sin an cheist" adeir Cearallán, "ach an í an bhean is breaghtha a chonniac tú ariamh í?"

"Sí" adeir sé, "ach Elíanór na Rún."

Chuaidh sé isteach abhaile agus chuaidh sé a chodladh agus níor chorraigh sé go ceann seachtaine ach é mar a bheadh maide sa leabaidh. Dubhairt sé nach raibh gnaithe ar bith den bhean aige agus a dhul go dtí an sagart agus sgaoileadh a fhágáil. Chuadar go dtí an sagart agus sgaoileadh iad. Thosuigh sé a' caoineachán nuair a tháinig an oidhche.

D'imthigh sé lá ar na bhárach. Chuaidh sé go Cúige Laighean. Is ann a bhí Elíanór na Rún. Bhí sé ag cur tuairisg nó go bhfuair sé teach gréasaidhe amach a bhí gar do theach Elíanór na Rún. Horduigheadh don ghréasuidhe péire bróg a dhéanamh d'Elíanór na Rún.

Dubhairt Cearallán leis ceann de na bróga a thabhairt le déanamh dó féin, agus dubhairt an gréasaidhe nach dtiubhradh, go mba sin inghean rí agus go raibh faithchíos air nach ndéanfadh sé ceart í. Leag Cearallán luach na bróige ar an mbord agus dubhairt sé dá milleadh sé í go n-íocfadh sé an gréasaidhe.

Rinne sé an bhróg annsin agus chuir sé ceol innte, ceol chomh deas agus casadh ariamh, agus nuair a chuaidh an dá bhróg abhaile bhí ceol i gceann aca agus ní raibh sa gceann eile. Dubhairt sí annsin narbh é an gréasaidhe céadna a rinne an dá bhróg, agus go gcaithfeadh sí bróg eile a fhágáil déanta ón ngréasaidhe a rinne an bhróg a raibh an ceol innte. Tháinig sgéala go dtí an gréasaidhe bróg eile a dhéanamh agus ceol innte. Dubhairt Cearallán nach bhféadfadh sé bróg eile a dhéanamh nó go dtomhaisfeadh sé miosúr a coise.

Tháinig sí annsin. Thomhais Cearallán an chois agus dubhairt sí leis bróg a dhéanamh mar an ceann a raibh an ceol innte, agus dubhairt sí leis an ngréasaidhe bróg a dhéanamh mar an ceann a rinne sé féin is riocht is go mbeadh dhá péire aice, péire a mbeadh ceol ionnta agus péire nach mbeadh. Rinne Cearallán an bhróg agus chuir sé ceol innte. Bhí ceol ins an dá bhróg annsin, an ceol ba bhreaghtha a casadh ariamh.

Nuair a chuaidh na héadaigh abhaile dubhairt Murchadh a' Rúin agus a bhean nach raibh aon cheardaidhe sa domhan leath chomh maith leis an bhfear a rinne an ceol.

Chuaidh Cearallán ag múineadh sgoile annsin agus is do dhreatháir d'Elíanór a bhí sé a' múineadh an chuid is mó den fhoghlaim. Nuair a chonnaic athair Elíanór go raibh an mac aag feabhsú chomh maith dubhairt sé go raibh sé chomh maith aan máighistir a thabhairt chun an tighe uilig.

Tháinig sé chun an tighe a' múineadh sgoile do chlann Mhurchadha ar fad, agus d'Elíanór na Rún freisin. An seomra a fuair sé bhí sé in aice le seomra Elíanór na Rún agus bhí sise i ndon é a chloisteál nuair a bheadh sé a' caint leis féin san oidhche.

"Lá breagh dá ndeachaidh mise ar dearcadh ar rí-ghein mhná
Badh í siúd an ainnir na malaí dhearc mhín gheal bhreagh.
Bhí sa gruaidh mar na ballaí le go mbreactar an t-aol mar bhláth
Agus a seangmhaláí le go searctar í ó gach síor leannán

Tá siúd aice, adeir Peadar liom, mas fíor le rádh
Rós-bhéal tanaidhe deas le caiseal agus caon geal cnámh
Com cailce, taobh sneachta a chuir na mílte fear chun báis
Agus de bhíthin í fheiceál dom seadh d'amharc mé an naomhadh duine a' rádh

(Srannadh – á leigint go raibh sé ina chodladh)

Dar seo is dar siúd sé an fáth ar bhreathnuigh mise an naomhadh duine a rádh
Mar dá dtugainn an tseinnt údan do ghrádh searc ná síor ghrinn
Go dtiubharfaidhe braon báis agus mion-abhaill orm de cheart inneoinn mo
chraicinn

An egal dom arainneacha ná pianta báis
Nó méadú do mo stanga le crann ata aníos i mo lár
B'fhearr liom seal fada a bheinn ag amharc ort-sa a rí-ghein mná
Ná go do bhréagadh go maidin cé gur baoirsiúil dom-sa é sin a rádh

(Srannadh)

dar seo is dar siúd níor bhaoirsiúil dom-sa é sin a rádh
Ná d'Fhionn mac Cumhall Mhac Airt Mhac Cormaic, Mac Tréana Mhóir Uí
Bhaoisgne
A bheith a' tomhais na léimeanna brice buaidhe
Ar thaobh Binn Éadair Mhic Céádtach Mhic Amhlaidh
A chaith an chéad laoch a tháinig go hÉirinn ariamh.